| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad é?<br>Cad é seo?<br>Cad é sin? | What is it?<br>What is this?<br>What is that? |
| | Is *cupán* é. | It's a *cup*. |
| | Cad iad seo?<br>Is *cupáin* iad. | What are these?<br>They're *cups*. |
| **2.** | An *cupán* é seo? | Is this a *cup*? |
| | Sea.<br>Is *cupán* é. | Yes [it is so].<br>It's a *cup*. |
| | Ní hea.<br>Ní *cupán* é.<br>Ní *cupán* é, ach *gloine*. | No [it is not so].<br>It's not a *cup*.<br>It's not a *cup*, but rather a *glass*. |
| **3.** | Is maith liom *líomanáid*.<br>Ní maith liom *líomanáid*.<br>An maith leat *líomanáid*?<br>Nach maith leat *líomanáid*? | I like *lemonade*.<br>I don't like *lemonade*.<br>Do you like *lemonade*?<br>Don't you like *lemonade*? |
| | Is maith.<br>Ní maith. | Yes [is good].<br>No [isn't good]. |
| | Is breá liom *líomanáid*.<br>Is aoibhinn liom *líomanáid*.<br>Is fearr liom *uisce*.<br>Is fuath liom *líomanáid*. | I love *lemonade*.<br>I love *lemonade*.<br>I prefer *water*.<br>I hate *lemonade*. |
| | Cad is maith leat?<br>Cén saghas bia is maith leat?<br>Cén saghas bia is fearr leat? | What do you like?<br>What kind of food do you like?<br>What type of food is your favorite? |
| **4.** | Ba mhaith liom *líomanáid*.<br>Níor mhaith liom *líomanáid*.<br>Ar mhaith leat *líomanáid*?<br>Nár mhaith leat *líomanáid*? | I'd like *lemonade*.<br>I wouldn't like *lemonade*.<br>Would you like *lemonade*?<br>Wouldn't you like *lemonade*? |
| | Ba mhaith.<br>Níor mhaith. | Yes [would be good].<br>No [wouldn't be good]. |
| | Ba bhreá liom *líomanáid*.<br>B'fhearr liom *uisce*. | I'd love some *lemonade*.<br>I'd prefer *water*. |
| | Cad ba mhaith leat?<br>Cén saghas bia ba mhaith leat? | What would you like?<br>What kind of food would you like? |

| | | | |
|---|---|---|---|
| liom | with me | linn | with us |
| leat | with you | libh | with ye |
| leis | with him | leo | with them |
| léi | with her | le Máire | with Mary |

**<u>Comhrá 1</u>**
A: Cad é seo?
B: Is *<u>cupán</u>* é.
A: An *<u>cupán</u>* é seo freisin?
B: Ní hea. Ní *<u>cupán</u>* é, ach *<u>gloine</u>*.

**<u>Conversation 1</u>**
What's this?
It's a *<u>cup</u>*.
Is this a *<u>cup</u>*, too?
Nó. It's not a *<u>cup</u>*, but a *<u>glass</u>*.

**<u>Comhrá 2</u>**
A: Cén saghas bia is maith leat?
B: Is maith liom *<u>úlla</u>*.
A: An maith leat *<u>uachtar reoite</u>*?
B: Ní maith. Is fearr liom *<u>torthaí</u>*.
A: An maith leat *<u>seacláid</u>*?
B: Is breá liom *<u>seacláid</u>*.

**<u>Conversation 2</u>**
What kind of food do you like?
I like *<u>apples</u>*.
Do you like *<u>ice cream</u>*?
I don't. I prefer *<u>fruit</u>*.
Do you like *<u>chocolate</u>*?
I love *<u>chocolate</u>*.

**<u>Comhrá 3</u>**
A: Ar mhaith leat tae?
B: Níor mhaith. Ba mhaith liom bainne.
A: Ar mhaith leat brioscaí freisin?
B: Ba mhaith. Go raibh maith agat.

**<u>Conversation 3</u>**
Would you like some tea?
No. I'd like some milk.
Would you like some cookies, too?
Yes. Thank you.

**<u>Comhrá 4</u>**
A: Ar mhaith leat glasraí?
B: Níor mhaith. Ba mhaith liom prátaí.
A: Nach maith leat glasraí?
B: Is maith, ach b'fhearr liom prátaí anois.

**<u>Conversation 4</u>**
Would you like some vegetables?
I wouldn't. I'd like potatoes.
Don't you like vegetables?
I do, but I'd prefer potatoes now.

**<u>Comhrá 5</u>**
A: Ar mhaith leat feoil?
B: Níor mhaith. Is fuath liom feoil.
A: Cén saghas bia ba mhaith leat?
B: Ba mhaith liom cáis. Is breá liom cáis.
A: Ar mhaith leat torthaí freisin?
B: Ba mhaith, go raibh maith agat.


**<u>Conversation 5</u>**
Would you like some meat?
No. I hate meat.
What kind of food would you like?
I'd like some cheese. I love cheese.
Would you like some fruit, too?
Yes, thank you.

**<u>Comhrá 6</u>**
A: Cén saghas bia ba mhaith libh?
B: Ba bhreá linn sailéad.
A: An maith le Máire iasc?
B: Ní maith. Is fuath léi iasc.
A: Ar mhaith le Seán milseáin?
B: Níor mhaith. Ní maith leis milseáin.

**<u>Conversation 6</u>**
What kind of food would you like?
We'd love some salad.
Does Mary like fish?
No. She hates fish.
Would Sean like some candy?
No, he doesn't like candy.




'Oh! **I love** strong wind,' said Bran.





'**I love** the rain too.'





Sal has come. It's time to go home. '**I love** my teacher, Mommy,' says Bran.

'And **she loves** you too, Bran,' says Sal.




**I like** my ears,
**I like** my eyes.
**I like** my paws,
And my red tail!




'**I love** the rainbow… and now I love fruit, too!'





**I hate** going on vacation!




The children and the teacher took their shoes, but they didn't put them on.

'**We like** bare feet,' said the children.

'**I like** bare feet, too,' said the teacher.


**Caibidil 1**

Is breá le Daideo míreanna mearaí. Is aoibhinn liomsa iad freisin. Fuair Daideo míreanna mearaí nua an tseachtain seo caite. Capall a bhí sa phictiúr.

'Nach bhfuil sé go hálainn, a Shiobhán?' arsa Daideo.

'Tá', a dúirt mé.

2

Chapter 1

**Grandpa loves** puzzles. **I love** them, too. Grandpa got a new puzzle last week. There was a horse in the picture.

'Isn't it beautiful, Siobhan?' said Grandpa.

'Yes,' I said.